



## Príomhathruithe Leasa Shóisialta agus Rátaí Nua Íocaíochta *Mary Hanafin, T.D., Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh*

**Caiteachas iomlán €19.6 billiún i 2009 chun leasa thar 1.5 milliún duine**

**Ardú beagnach €2.6 billiún**

**€515 milliún a chosnóidh leasuithe Leasa Shóisialaigh i 2009**

### **Daoine Scothaosta**

- **Pacáiste €166 milliún de bhreis chun tacú le daoine scothaosta**
- **Ardú €7 sa tseachtain do gach pinsinéir agus do gach cúramóir in aois 66 bliain agus thairis**
- **Ardú seachtainiúil €13.30 do lánúineacha ar pinsinéirí iad**
- **Pacáiste fuinnimh €30 milliún de bhreis – 2 seachtain le cur le séasúr an Liúntas Breosla, á shíneadh go dtí 32 seachtain agus ardú €2 sa tseachtain ar an Liúntas Breosla, á mhéadú go €20 sa tseachtain**

### **Daoine in Aois Oibre**

- **Ardaithe €262 milliún de bhreis ar na rátaí chun tacú le daoine in aois oibre**
- **Ardú €6.50 sa tseachtain ar gach íocaíocht do dhaoine in aois oibre – ar a n-áirítear Sochar & Liúntas Lucht Cuardaigh Fostaíochta, Sochar Breoiteachta, Liúntas Míchumais, Íocaíocht do Theaghlach Aontuiste agus Sochar & Liúntas Cúramóra (faoi 66 bliain)**
- **Ardú €4.30 sa tseachtain maidir le daoine fásta cáilithe**
- **Ardú €8.50 sa tseachtain ar an íosráta maidir le Sochar Máithreachais agus Uchtála**

### **Teaghlaigh agus Leanaí**

- **Leasuithe €56 milliún chun tacú le teaghlaigh agus le leanaí**
- **Ardú €2, go €26 sa tseachtain, ar an méadú do Leanbh Cáilithe**
- **Ardú €10 sa tseachtain ar an tairseach ioncaim do gach leanbh maidir leis an bhForlónadh Ioncaim Teaghlaigh (FIT)**
- **Ardú ar an tairseach ioncaim maidir leis an scéim um Éadaí agus Coisbheart Ar Ais ar Scoil, chun ligint do níos mó teaghlach cáiliú chuige sin**

Chun tuilleadh eolais a fháil, glaoigh ar an **Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh** ar  
1890 66 22 44 (Íosghlao) 9.00rn – 5.00in Luan go hAoine

**9rn – 9in** Dé Céadaoin 15<sup>ú</sup> agus Déardaoin 16<sup>ú</sup> Deireadh Fómhair 2008 agus

**an tSeirbhís Eolais do Shaoránaigh** ar 1890 777 121 (Íosghlao) 9.00rn 9.00in Ln go hAoine

Déan teagmháil leis an Oifig Leasa Shóisialaigh agatsa nó leis an Ionad Eolais do Shaoránaigh is cóngaraí duit

Tá faisnéis ar fáil ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie) agus ar [www.citizensinformation.ie](http://www.citizensinformation.ie), chomh maith

**Nóta: Is féidir le soláthraithe éagsúla seirbhísí táillí éagsúla a ghearradh ar úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).**

# FÍORAICÍ AGUS SONRAÍ

## DAOINE SCORTHA AGUS DAOINE SCOTHAOSTA

### **Rátaí Pearsanta**

Ardú €7, go €230.30 sa tseachtain, do na pinsinéirí seo a leanas:

- Pinsean Stáit (Ranníocach)
- Pinsean Stáit (Eatramhach)
- Lucht faighte Pinsean Easláin in aois 65 bliain
- Lucht faighte Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Ranníocach) in aois a 66 bliain agus thairis
- Lucht faighte Sochar Mná Céile Tréigthe aois 66 bliain agus thairis.  
(Uile Eanáir 2009)

Ardú €7, go €234.70, do lucht faighte Pinsean Sochar Báis in aois 66 bliain agus thairis (Eanáir 2009).

Ardú €7, go €219.00 sa tseachtain, do lucht faighte Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) (Eanáir 2009).

### **Daoine Fásta Cáilithe**

- Ardú €6.30, go €206.30 sa tseachtain, do Dhaoine Fásta Cáilithe le lucht faighte Pinsean Stáit (Ranníocach), Pinsean Stáit (Eatramhach) agus Pinsean Easláin in aois a 66 bliain agus thairis.
- Ardú €4.70, go €153.50 sa tseachtain, do Dhaoine Fásta Cáilithe le lucht faighte Pinsean Stáit (Ranníocach) agus Pinsean Stáit (Eatramhach) in aois a 66 bliain agus thairis.
- Ardú €4.60 sa tseachtain do Dhaoine Fásta Cáilithe Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) agus Pinsean Easláin faoi 66 bliain, go €144.70 agus €149.70 faoi seach (Uile Eanáir 2009).

(Is le híocaíochtaí ar an ráta iomlán a bhaineann na méaduithe thuasluaite agus baineann méaduithe dá réir le daoine a mbíonn íocaíochtaí ar rátaí laghdaithe le fáil acu.)

### **Liúntas Breosla**

- Ardú €2 sa tseachtain, go €20 sa tseachtain, ar an Liúntas Breosla. (Eanáir 2009).
- Síneadh 2 seachtain le cur leis an tréimhse don Liúntas Breosla, ó 30 seachtain go 32 seachtain.

### **CÚRAMÓIRÍ**

#### **Rátaí Pearsanta**

- Ardú €7.00, ó €232.00 go €239.00 sa tseachtain, do lucht faighte Liúntas Cúramóra in aois 66 bliain agus thairis.
- Ardú €6.50, ó €214.00 go €220.50 sa tseachtain, do lucht faighte Liúntas Cúramóra faoi aois 66 bliain.
- Ardú €6.50, ó €214.70 go €221.20 sa tseachtain, do lucht faighte Sochar Cúramóra agus Liúntas Buanfhreastail (Uile Eanáir 2009).

### **LEANAÍ**

- Ardú €2 sa tseachtain ar an Méadú do Leanbh Cáilithe (dá ngairtí an Liúntas do Chleithiúnaí Linbh). Is é an ráta nua seachtainiúil ná €26.00 (Eanáir 2009).
- Ardú €10 in aghaidh an linbh ar an tairseach seachtainiúil maidir leis an bhForlíonadh Ioncaim Teaghlaigh, rud a chiallaíonn ardú suas le go €6 sa tseachtain do gach leanbh (Eanáir 2009).
- Ardú €50 sa tseachtain, ó €100 go €150, ar an díolúine ioncaim don Liúntas um Éadaí agus Coisbheart Ar Ais ar Scoil (June 2009).
- Íocfar Sochar Linbh leathráta maidir le leanaí 18 bliain d'aois i 2009. Ó 2010 amach, ní íocfar Sochar Linbh ar bith maidir le leanaí 18 bliain d'aois.
- I gcás teaghlach áirithe ar ioncam íseal a bheidh buailte leis an athrú thuas sa scéim Sochar Linbh, beidh íocaíocht speisialta cúitimh ar leithligh de €15 sa tseachtain do pháistí d'ocht mbliana déag. Tiocfaidh deireadh leis an mbeart cúitimh seo ar an 31 Nollaig 2010.

- Cuirfear bearta eile cúitimh i bhfeidhm, mar is iomchuí, ar an bhForlíonadh Ioncaim Teaghlaigh agus ar an Liúntas um Éadaí agus Coisbheart Ar Ais ar Scoil do leanaí 18 bliain d'aois. Beidh na socruithe sin i bhfeidhm go dtí Eanáir 2011.

### **DAOINE IN AOIS OIBRE**

#### **Rátaí Pearsanta**

Ardú €6.50, go €204.30 sa tseachtain, chun leasa na bhfaighteoír seo a leanas:

- Sochar agus Liúntas Lucht Cuardaigh Fostaíochta
- Liúntas Forlíontach Leasa Shóisialaigh
- Liúntas Réamhscoir
- Cúnamh Feirme
- Íocaíocht do Theaghlach Aontuiste
- Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Neamhranníocach) agus mná a mbíonn Liúntas Mná Céile Tréigthe nó Liúntas do Bhanchéile Príosúnaigh á fháil acu
- Sochar Sláinte & Sábháilteachta (Uile Eanáir 2009).

Ardú €6.50, go €209.80 sa tseachtain, do:

- Lucht faighte Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Ranníocach) agus Liúntas Mná Céile Tréigthe faoi aois 66 bliain.
- Ardú €6.50, go €176.50 sa tseachtain, do lucht faighte Íocaíochtaí Caomhnóra.
- Ardú €7.00, go €234.70 sa tseachtain, do Phinsinéirí Sochar Báis faoi aois 66 bliain.
- Ardú €6.50, go €235.40, do lucht faighte Pinsean Buanmhíchumais. (Uile Eanáir 2009).  
(Is le híocaíochtaí ar an ráta iomlán a bhaineann na méaduithe thuasluaite agus baineann méaduithe dá réir le daoine a mbíonn íocaíochtaí ar rátaí laghdaithe le fáil acu.)

### **Sochar Máithreachais & Uchtála**

- Ardú €8.50, go €230.30 sa tseachtain, ar an íosráta maidir le Sochar Máithreachais agus Uchtála (Eanáir 2009).

### **Daoine Fásta Cáilithe**

- Ardú €4.30, go €135.60 sa tseachtain, do Dhaoine Fásta Cáilithe lucht faighte na n-íocaíochtaí ábhartha thuasluaite (**Eanáir 2009**).
- Ardú €10, go €310 sa tseachtain, ar an uasteorainn chun cáiliú d'íocaíocht chéimnithe do dhuine fásta cáilithe maidir le Sochar Lucht Cuardaigh Fostaíochta agus maidir le Sochar Sláinte agus Sábháilteachta (**Eanáir 2009**).

### **Sochar Lucht Cuardaigh Fostaíochta**

- 13 ranniocaíocht íochta sa bhliain ábhartha cánach nó i dtréimhsí áirithe eile maidir le héilitheoirí nua Shochar Lucht Cuardaigh Fostaíochta (baineann sé seo le lucht faighte Shochar Sláinte & Sábháilteachta, chomh maith) (**Eanáir 2009**).
- Méadú ó 52 go 104 ar líon na ranniocaíochtaí is gá maidir le héilitheoirí nua Shochar Lucht Cuardaigh Fostaíochta (baineann sé seo le lucht faighte Shochar Sláinte & Sábháilteachta, chomh maith) (**Eanáir 2009**).
- Ardú ó €150 go €300 sa tseachtain ar an uasteorainn tuillimh sa bhliain ábhartha cánach maidir le rátaí céimnithe íocaíochta d'éilitheoirí nua (baineann sé seo le lucht faighte Shochar Sláinte & Sábháilteachta, chomh maith) (**Eanáir 2009**).
- Íocfar Sochar Lucht Cuardaigh Fostaíochta ar feadh 12 mí (15 mí roimhe seo), má bhíonn 260 ranniocaíocht ÁSPC nó níos mó íochta acu. Bainfidh sé sin le héilitheoirí nua agus le daoine a bhí ag fáil Sochar Lucht Cuardaigh Fostaíochta ar feadh níos lú ná 6 mí Lá na Cáinainseise (**14<sup>ú</sup> Deireadh Fómhair 2008**).
- Íocfar Sochar Lucht Cuardaigh Fostaíochta ar feadh suas le 9 mí (12 mí roimhe seo), má bhíonn níos lú ná 260 ranniocaíochtaí íochta acu. Bainfidh sé sin héilitheoirí nua agus le daoine a bhí ag fáil Sochar Lucht Cuardaigh Fostaíochta ar feadh níos lú ná 3 mí Lá na Cáinainseise (**14<sup>ú</sup> Deireadh Fómhair 2008**).

### **An Forlíonadh um Chíos agus Ús Morgáiste**

- Ardú €5 sa tseachtain, go €18 sa tseachtain, ar an ranniocaíocht is lú do chíos chun críocha na scéimeanna um an bhForlíonadh um Chíos agus Ús Morgáiste (**Eanáir 2009**).

### **DAOINE FAOI MHÍCHUMAS**

#### **Rátaí Pearsanta**

Ardú €6.50, go €204.30 sa tseachtain, chun leasa lucht faighte na n-íocaíochtaí seo a leanas:

- Sochar Breoiteachta
- Liúntas Míchumais
- Pinsean Dail
- Sochar um Ghortú Ceirde
- Forlíonadh Éagumais (**Uile Eanáir 2009**)

#### **Daoine Fásta Cáilithe**

- Ardú €4.30, go €135.60 sa tseachtain, do Dhaoine Fásta Cáilithe lucht faighte na n-íocaíochtaí thuasluaite (**Eanáir 2009**).

(Is le h-íocaíochtaí ar an ráta iomlán a bhaineann na méaduithe thuasluaite agus baineann méaduithe dá réir le daoine a mbíonn íocaíochtaí ar rátaí laghdaithe le fáil acu.)

#### **Pinsean Easláin**

##### **Ráta Pearsanta**

- Ardú €6.50, go €209.80 sa tseachtain, do lucht faighte Pinsean Easláin faoi 65 bliain (**Eanáir 2009**).

#### **Daoine Fásta Cáilithe**

- Ardú €4.60, go €149.70 sa tseachtain, do Dhaoine Fásta Cáilithe faoi aois 66 bliain maidir leis an bPinsean Easláin (**Eanáir 2009**).
- Ardú €10, go €310 sa tseachtain, ar an uasteorainn chun cáiliú d'íocaíocht chéimnithe do dhuine fásta cáilithe maidir le Sochar Breoiteachta, Pinsean Easláin agus Sochar um Ghortú Ceirde (**Eanáir 2009**).

#### **Liúntas Míchumais**

- Ardú ó 16 go 18 bliain ar an aois chun cáiliú do Liúntas Míchumais maidir le héilitheoirí nua. Íocfar an Liúntas um Chúram sa Bhaile (á riaradh ag an Roinn Sláinte agus Leanáí) le leanáí go haois 18 bliain (suas ó 16 bliain) (**Eanáir 2009**).

### **Sochar Breoiteachta**

- Uasteorainn 2 bliain curtha leis an scéim um Shochar Breoiteachta maidir le héilitheoirí nua, i gcás go mbíonn 260 ranniocaíocht ÁSPC nó níos mó íochta acu ó Eanáir 2009.
- Ardú ó 52 go 104 ar líon na ranniocaíochtaí íochta is gá chun cáiliú mar fhaighteoir (maidir le héilitheoirí nua) (**Eanáir 2009**).
- Ardú ó €150 go €300 sa tseachtain ar an uasteorainn tuillimh do rátaí céimnithe sa bhliain ábhartha cánach maidir le héilitheoirí nua (**Eanáir 2009**).

### **ÁSPC**

- Ardú €1,300, ó €50,700 go €52,000, ar an uasteorainn tuillimh ÁSPC (**Eanáir 2009**).

### **FEABHAS AR SHEIRBHÍSÍ**

#### **An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh**

- Maoiniú €0.5 milliún don Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh (GTT) chun clár a forbairt mar thaca le scileanna tuismitheoireachta (**2009**).

### **SCEIDEAL NA MÉADUITHE**

#### **Eanáir**

Gheobhaidh pinsinéirí a íoctar go leictreonach a gcuid méaduithe ina n-iomláine ó Eanáir 2009.

Íocfar arduithe le lucht faighte Sochar/Liúntas Lucht Cuardaigh Fostaíochta, Sochar Breoiteachta/Máithreachais, Íocaíocht do Theaghlach Aontuiste, Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh, Cúnamh Feirme agus Liúntas Forlíontach Leasa Shóisialaigh ina n-iomláine ó Eanáir 2009.

#### **Feabhra**

Gheobhaidh lucht faighte íocaíochtaí áirithe fadtréimhseacha, ar a n-áirítear Pinsean Baintrí/Baintreach Fir, Cúramóra agus Easláin a gcuid arduithe i lár Feabhra, iardhátaithe go hEanáir. Íocfar arduithe ar íocaíochtaí fadtréimhseacha eile, Pinsean Stáit agus Liúntas Míchumais san áireamh, mar íocaíocht speisialta aonuaire i lár Feabhra, a chlúdóidh íocaíocht 12 seachtain go deireadh an Mhárta.

# Rátaí Leasa Shóisialaigh do 2009

## Uasrátaí sa tSeachtain

### Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh

#### Pinsean Stáit (Ranníocach)/(Eatramhach)

- Faoi aois 80

- Aois 80 agus thairis

#### Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Ranníocach)/

#### Liúntas Mná Céile Tréigthe

- Faoi aois 66

- Aois 66 agus faoi aois 80

- Aois 80 agus thairis

#### Pinsean Easláin

- Faoi aois 65

- Aois 65 agus faoi aois 80

- Aois 80 agus thairis

#### Sochar Cúramóra/Liúntas Buanfhreastail

#### Pinsean Buanmhíchumais

#### Sochar Lucht Cuard.Fost./Breoit./Sláinte & Sábh/Gortú

#### Pinsean Sochar Báis

- Faoi aois 66

- Aois 66 agus faoi aois 80

- Aois 80 nó thairis

### Íocaíochtaí Chúnamh Leasa Shóisialaigh

#### Pinsean Stáit (Neamhranníocach)

- Aois 66 agus Faoi Aois 80

- Aged 80 nó thairis

#### Liúntas Cúramóra

- Faoi aois 66

- Aois 66 agus thairis

#### Pinsean Daill

#### Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Neamhranníocach)

#### Liúntas Mná Céile Tréigthe /Liúntas do Bhanchéile Príosúnaigh

#### Íocaíocht do Theaghlach Aontuiste

#### Liúntas Réamhscoir/Liúntas Míchumais

#### Liúntas Forlíontach Leasa Shóisialaigh

#### Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta

#### Cúnamh Feirme

### Liúntais Eile Leasa Shóisialaigh

#### Sochar Máithreachais/Uchtála – Íosráta

#### Íocaíocht don Chaomhnóir (Ranníocach)/ (Neamhranníocach)

#### Ráta Pearsanta sa tSeachtain

#### Liúntas do Dhaoine Fásta Cáilithe Ráta# Linh

#### Ráta Shochar Linh#

Reatha	Nua	Méadú	Reatha	Nua	Méadú	€
€	€	€	€	€	€	€
223.30	230.30	7.00	148.80*	153.50*	4.70*	26.00
233.30	240.30	7.00	200.00**	206.30**	6.30**	26.00
203.30	209.80	6.50				26.00
223.30	230.30	7.00				26.00
233.30	240.30	7.00				26.00
203.30	209.80	6.50	145.10*	149.70*	4.60*	26.00
223.30	230.30	7.00	200.00**	206.30**	6.30**	26.00
233.30	240.30	7.00				26.00
214.70	221.20	6.50				26.00
228.90	235.40	6.50				
197.80	204.30	6.50	131.30	135.60	4.30	26.00

Líon na Leanaí	Ráta Miosúil
€	€
1 leanbh	166.00
2 leanbh	332.00
3 leanbh	535.00
4 leanbh	738.00
5 leanbh	941.00
6 leanbh	1,144.00
7 leanbh	1,347.00
8 leanbh	1,550.00

# Cuirfear socruithe speisialta i bhfeidhm maidir le leanaí 18 bliain d'aois.

### Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh (FIT)

Líon Teaghlaigh	Uas- Ioncam Reatha	Uas- Ioncam Nua
	€	€
1 leanbh	490.00	500.00
2 leanbh	570.00	590.00
3 leanbh	655.00	685.00
4 leanbh	760.00	800.00
5 leanbh	870.00	920.00
6 leanbh	970.00	1,030.00
7 leanbh	1,090.00	1,160.00
8 leanbh	1,170.00	1,250.00
nó níos mó		

Déantar FIT a ríomh mar 60% den difríocht idir ioncam glan seachtainiúil (.i. pá comhlán lúide Cáin, ÁSPC an Fhostaí, Rann-íocaíocht Sláinte, Aoisliúntas) agus an uasteorainn ioncaim do do líon teaghlach.

\* *do dhaoine faoi aois 66 bliain*

\*\* *do dhaoine 66 bliain agus thairis*

221.80	230.30	8.50				
170.00	176.50	6.50				